Polasaí Obair Bhaile

Tugtar Obair Bhaile

- Chun obair an lae a threisiú
- Chun nasc a chruthú idir scoil agus baile
- Chun aird pháistí a dhíriú agus scileanna eagrúcháin a fhorbairt agus foghlaim neamhspleách a spreagadh

Go Ginearálta

- Bítear ag súil go ndéanfaidh páistí an iarracht is fearr agus iad i mbun obair bhaile. Bíonn an obair bhaile bunaithe don chuid is mó ar obair atá ar eolas ag an bpáiste. 'Sna hardranganna d'fhéadfadh go mbeadh obair níos dúshlánaí i gceist agus obair chruthaíoch chomh maith.

- Tugtar obair bhaile ó Luan go Déardaoin don chuid is mó. Ní thugtar obair bhaile ag an deireadh seachtaine de ghnáth. D'fhéadfadh sé tarlú go n-iarrfaí ar pháiste obair bhaile a dhéanamh ag an deireadh seachtaine sa chás nach raibh obair na seachtaine sásúil nó críochnaithe.

- D'fhéadfadh múinteoir nó an Príomhoide oíche saor ó obair bhaile a bhronnadh ar rang nó ar pháiste aonair le haitheantas a thabhairt ar ócáid, iarracht, obair dhearfach. Bronntar pasanna 'saor ó obair bhaile' ar pháistí chomh maith. Ní mór do pháiste a chinntiú leis an múinteoir ranga go bhfuil cead acu an pas a úsáid ar oíche ar bith agus a chinntiú cén obair bhaile go díreach gur feidir a ghlacadh saor.

- Tugtar obair bhaile bhreise le linn na seachtaine sa chás nach mbeadh obair bhaile déanta gan leithscéal ag páiste nó nach bhfuil iarracht sách maith curtha isteach san obair bhaile féin nó sa chur i láthair nó mar smachtbhanna.

Treoir ama

- Seo a leanas treoirlínte maidir leis an am ar chóir do phásití sna ranganna éagsúla caitheamh ar an obair bhaile. Beidh páistí áirithe críochnaithe go han-tapaidh agus tógfaidh sé an-chuid ama ar pháistí eile an obair bhaile chéanna a chríochnú. Go minic iarrann múinteoir ranga ar thuismitheoirí an t-am a scríobh síos agus iad ag síniú na dialainne. Cuidíonn sé seo leis an múinteoir meán-am oibre a shocrú don rang. Sa chás go mbíonn do pháiste ag caitheamh an-chuid ama ar an obair bhaile ba chóir iad a stopadh tar éis an treoir am thíos agus nóta a chur sa dialann don mhúinteoir.

N1:	Ní thugtar obair bhaile de ghnáth
N2:	10 – 15 nóiméad
Rang 1 – 2	Suas go 20 nóiméd
Rang 3:	Suas go 30 nóiméad
Rang 4:	Suas go 40 nóiméad
Rang 5:	Suas go 50 nóiméad
Rang 6:	Suas go 60 nóiméad

- Tabhair faoi deara go mbíonn cothromaíocht idir obair scríofa, táblaí, léitheoireacht, litriú, ullmhúcháin agus foghlaim de ghlan mheabhair. Is minic nach leagann páistí an bhéim chéanna ar an léitheoireacht, ullmhúcháin agus ar an bhfoghlaim agus déantar neamhaird díobh. Tá siad chomh tábhachtach céanna is atá an obair scríofa agus cuireann siad leis an achar ama ó thaobh obair bhaile de. Sna hardranganna is minic a thugtar obair bhaile thar cúpla lá, an deireadh seachtaine san áireamh, do rang mar ullmhú do shaol na meánscoile.

Iarrtar ar thuismitheoirí

- An dialann a shíniú gach oíche agus uaireanta an t-am a ghlac an obair bhaile a bhreacadh síos.
- A chinntiú go bhfuil do pháiste ag breacadh síos an obair bhaile go cruinn, ar an lá ceart agus go bhfuil an dialann néata.
- Nótaí nó cumarsáid leis an múinteoir a chur sa dialann ach amháin mar a bhaineann le has-láithreacht. Ba chóir na bileoga cuí atá ar fáil i lár na dialainne a úsáid chuige seo.
- Tacú le páistí agus iad i mbun an obair bhaile ach gan an obair bhaile a dhéanamh dóibh
- Teagmháil a dhéanamh le múinteoir má cheapann tú nach bhfuil ag éirí le do pháiste ó thaobh obair bhaile de.

Homework Policy

Homework is given

- To recap on the day's work
- To establish a link between home and school
- To develop a child's concentration skills and to encourage organisational skills and independent learning

Generally

- Children are expected to do their homework to the best of their ability. Homework is generally based on work with which the child is already familiar. In the senior classes the work may be more challenging and creative and reseach work may also be part of the homework.

- Homework is given from Monday to Thursday. Homework is not generally given on a weekend. It might happen that a child would be asked to complete work at the weekend where homework or classwork during the week was either unfinished or unsatisfactory.

- A night off homework may be given at the discretion of a teacher or the principal in recognition of an occasion, effort or positive work. 'Saor ó obair bhaile' passes are also presented to children as a positive reward. A child should always consult with the class teacher prior to using a 'pas saor ó obair bhaile' to ensure what elements of homework may be passed on if any on a given night.

- Extra homework may be given where homework had not been completed during the week without a valid excuse or where it is perceived that a child has not made an effort with the work or the presentation of work that week, or as a disciplinary sanction.

Guidelines on time

- Below are some guidelines in relation to the amount of time that a child should spend on homework at the different class levels. Certain children will finish the homework in a shorter time and others will have difficulty finishing the same homework within the guidelines. A teacher may request parents to note down the time taken on homework when they sign the homework each night. This helps the teacher establish an average time for the class. Should your child be spending considerably more time on his/her homework than the times shown below they should be stopped after the appropriate time and a note written for the teacher.

N1:	No homework is generally given
N2:	10 – 15 minutes
Rang 1 – 2	Up to 20 minutes
Rang 3:	Up to 30 minutes
Rang 4:	Up to 40 minutes
Rang 5:	Up to 50 minutes
Rang 6:	Up to 60 minutes

- Please note that homework can consist of written work, tables, reading, spellings, preparation and learning by heart. Children often tend to overlook reading, learning by heart and preparation and not emphasise them as much as written work and not spend as much time on them yet they are as important and contribute significantly to the time allocated for homework each evening. In senior classes children are often given homework over a few days which might include the weekend. This is in preparation for secondary school.

Parents are requested

- To sign the journal every night and in certain cases to make a note of the time taken to complete the homework.
- To ensure that children are taking down homework accurately, on the correct day and that the diary is kept neatly.
- To write notes or communicate with teachers using the space at the bottom of the page in the journal except in the case of absences where the specific notes in the centre of the journal are to be used.
- To support their children while completing homework but **not** to do it for them.
- To contact the class teacher if they feel that their child might be struggling with homework or experiencing difficulties.